Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 8 Márta 2024
(OR. en)

7293/24

LIMITE

POLCOM 83
SERVICES 17
FDI 24
COLAC 30

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0259(NLE)**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11667/23 and 11668/23 + ADD 1-2 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile<br>- *Glacadh* |

1. An 5 Iúil 2023, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas faoi bhráid na Comhairle:
   (a) togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú[1], thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile; agus
   (b) togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích[2], thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile.

[1] 11505/23 + ADD 1-7
[2] 11506/23 + ADD 1-7

2. An 4 Nollaig 2023, ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le síniú[3] an Chomhaontaithe Eatramhaigh réamhluaite. Ag an am céanna, agus i gcomhréir le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) CFAE, chinn an Chomhairle an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Eatramhaigh, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 11667/23, mar aon leis an gComhaontú Eatramhach féin[4], a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil, d'fhonn ullmhú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe amach anseo.

PUBLIC

3. Síníodh an Comhaontú Eatramhach leis an tSile an 13 Nollaig 2023.

4. An 29 Feabhra 2024, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú don Chinneadh maidir leis an gComhaontú Eatramhach réamhluaite a thabhairt i gcrích.

5. An 8 Márta 2024, d'fhormhuinigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Eatramhaigh.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:
   - an Cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 11667/23 agus in 11668/23 + ADD 1-2 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus
   - aon ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a thabhairt dá haire.
   - a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.

---

[3] 11666/23 (arna fhoilsiú in IO L, 2023/2761, 7.12.2023)
[4] 11668/23 + ADD 1-2.